2025/2009

3.10.2025

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2009 ÓN gCOIMISIÚN

## an 2 Deireadh Fómhair 2025

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann leis na cainníochtaí is féidir a allmhairiú faoi tharaif-chuótaí áirithe tar éis an leasaithe ar an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Mholdóiv

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 187 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí bunaithe ar ord cróineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce').

(2) Sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Mholdóiv, den pháirt eile ([3]) ('an Comhaontú Comhlachais'), leagtar amach, faoin Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, taraif-chuótaí áirithe le haghaidh táirgí ón Moldóiv a allmhairítear isteach san Aontas. Leag Rialachán (AE) 2024/1501 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) síos bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíonadh lamháltais trádála le haghaidh táirgí na Moldóive. Leis an Rialachán sin, cuireadh ar fionraí na taraif-chuótaí uile a bunaíodh faoin gComhaontú Comhlachais go dtí an 24 Iúil 2025. Tar éis an dáta sin, d'fhill an trádáil idir an tAontas agus an Mholdóiv ar na rialacha maidir le taraifí a bunaíodh faoin gComhaontú Comhlachais.

(3) Le Cinneadh Uimh. 1/2025 ó Choiste Comhlachais AE-an Mholdóiv i gCumraíocht Trádála an 19 Meán Fómhair 2025 maidir le dleachtanna custaim a laghdú agus a dhíothú de bhun Airteagal 147(4) den Chomhaontú Comhlachais ('an Cinneadh') ([5]) leasaítear an Comhaontú Comhlachais trí roinnt taraif-chuótaí a thagann faoi raon feidhme an Limistéir Dhomhain Chuimsithigh Saorthrádála a mhodhnú. Go háirithe, leis an gCinneadh sin, méadaítear cainníochtaí na dtáirgí de thionscnamh na Moldóive atá le hallmhairiú san Aontas faoi tharaif-chuótaí áirithe. Déanann sé allmhairí roinnt táirgí ón Moldóiv a léirscaoileadh freisin, rud a fhágann go mbaintear taraif-chuótaí áirithe.

(4) Baineann na modhnuithe a tugadh isteach leis an gCinneadh leis na taraif-chuótaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988. Dá bhrí sin, ba cheart na modhnuithe sin a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 a leasú dá réir.

(6) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe chun na modhnuithe a tugadh isteach leis an gCinneadh a chur chun feidhme go tráthúil.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraif-chuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj).

([3]) An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit de pháirt, agus Poblacht na Moldóive den pháirt eile (IO L 260, 30.8.2014, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2014/492/2023-10-06).

([4]) Rialachán (AE) 2024/1501 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí ó Phoblacht na Moldóive faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile (IO L, 2024/1501, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1501/oj).

([5]) IO L, 2025/1961, 24.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1961/oj.

(7) Chun comhréireacht leis an gComhaontú Comhlachais arna leasú leis an gCinneadh a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna leis an gCinneadh sin.

(8) Ós rud é go bhfuil feidhm ag leasuithe áirithe a dhéantar leis an Rialachán seo maidir le tréimhsí taraif-chuóta atá fós ar siúl ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe i gcás táirgí a bhuaintear agus atá ar fáil lena n-onnmhairiú go déanach sa samhradh agus san fhómhar den chuid is mó, is iomchuí forálacha idirthréimhseacha a leagan síos maidir leis na cainníochtaí a leithdháiltear idir an 25 Iúil 2025 agus dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988**

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Forálacha idirthréimhseacha**

Is í an chainníocht a bheidh ar fáil don chuid eile den tréimhse taraif-chuótaí atá fós ar siúl ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo an difríocht idir an chainníocht nua, mar a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus na cainníochtaí a leithdháileadh cheana idir an 25 Iúil 2025 agus dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Más rud é, ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go bhfuil tús curtha cheana féin leis an tréimhse ábhartha taraif-chuótaí agus go bhfuil an chainníocht a bhí ar fáil roimhe sin ídithe, leithdháilfear an difríocht idir an chainníocht nua agus an chainníocht roimhe sin ar oibreoirí bunaithe ar ord croineolaíoch dháta glactha an dearbhaithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht. Chun go bhféadfaidh oibreoirí a d'allmhairigh a gcuid earraí amach as taraif-chuóta roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo sochar an taraif-chuóta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1988 arna leasú leis an Rialachán seo a iarraidh, leasóidh siad a ndearbhú custaim. I gcás ina ndeonóidh na húdaráis chustaim sochar an taraif-chuóta ábhartha d'iarraidh ó oibreoir, aisíocfaidh siad an difríocht sa dleacht ar allmhairí a íocadh cheana leis an oibreoir sin.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 4 Deireadh Fómhair 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí' mar a leanas:

(a) scriostar na táblaí a bhaineann leis na taraif-chuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.6800 agus 09.6801 orthu;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.6802:

| | |
|---|---|
| '**Cainníocht** | glanmheáchan 40 000 000 kg' |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.6803:

| | |
|---|---|
| '**Cainníocht** | glanmheáchan 50 000 000 kg' |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.6804:

| | |
|---|---|
| '**Cainníocht** | glanmheáchan 61 000 000 kg' |

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.6806:

| | |
|---|---|
| '**Cainníocht** | glanmheáchan 4 500 000 kg' |

(2) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil an fhíona', scriostar an tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.6805.